Redacted printed in Bundle

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh
20/7/2021

**Tagairt:** **Dréacht Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 – Appendix 1: Straitéis Fuinnimh Inathnuaite**

**Le cur i gcoinne an chriosála molta "Acceptable in Principal" agus "Open to Consideration" do thograí fuinneamh gaoithe i gceantar Chois Fharraige.**

A chara,

Táim i mo chónaí i gceantar Chois Fharraige agus ba mhaith liom cur i gcoinne an chriosála atá molta - "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" do thograí fuinneamh gaoithe sa cheantar. Ba cheart an ceantar a fhágáil mar "Not normally Permissable".

Tá an talamh atá an tógra fuinneamh gaoithe le dul i bhfad ró- ghar do tithe cónaithe. Beidh tionchar aige seo ar saol agus sláinte na ndaoine atá ina gconaí san ceantar atá gar don Fuinneamh Gaoithe. Céard a chiallaíonn sé seo do todhchaí muintir an bhaile agus do todhchaí ár gclann? Ní bheidh daoine ag iarraidh bogadh ar ais chuig an gceantar agus ní bheidh ár gclann in ann tithe a thogáil ar talamh leo féin mar gheall ar an Fuinneamh Gaoithe. Níor cheart go mbeadh a leitheád do phlean in aice le tithe cónaithe ag an gComhairle Contae .

Tá tírdhreach an cheantair aitheanta mar thírdhreach "Speisialta". Ba cheart go gcuirfeadh an rangú seo srian ar an gcriosáil "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" do thuirbín gaoithe. Creideann muid nach bhfuil sé cóir an tírdhreach speisialta seo a chriosáil do fhorbairt muilte gaoithe. Is portach go leor don talamh atá i gceist leis an gcriosáil seo atá buailte ar na bailte fearainn agus tá dlúthcheangal ag an talamh seo le hoidhreacht agus cultúr na háite.

Mise le Meas,

Noel Concannon

FORWARD PLANNING
28 JUL 2021
GALWAY COUNTY COUNCIL
RECEIVED